**Leasú 134**
**Cornelia Ernst, Younous Omarjee**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Agus na cuspóirí sin á saothrú aige, rannchuideoidh an tArdán, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil, le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá criticiúil do gach cineál post ardcháilíochta a bhaineann leis na teicneolaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a) agus cuirfidh sé critéir dhámhachtana shóisialta i bhfeidhm chun rannchuidiú le torthaí dearfacha sóisialta a bhaint amach. Déanfar aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna sna teicneolaíochtaí sin, i gcás inarb infheidhme, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le tionscnaimh oideachais agus oiliúna atá ann cheana, go háirithe Acadamh um an Tionscal Glan-Nialasachta, go háirithe trí úsáid a bhaint as na cláir foghlama arna bhforbairt acu.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*cuirtear moladh thuairim EMPL i bhfeidhm*

**Leasú 135**
**Cornelia Ernst, Younous Omarjee**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áireofar sna critéir dhámhachtana shóisialta dá dtagraítear i mír 1 comhlíonadh dhlí saothair agus sóisialta an Aontais agus an dlí saothair náisiúnta agus comhlíonadh na gcomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme. Áireofar leo freisin cuspóirí dea-shainithe ó thaobh oibrithe scileanna, uas-scilithe agus athscilithe de, agus margaí saothair cuimsitheacha a chur chun cinn trí bhearta arb é is aidhm dóibh comhionannas inscne agus éagsúlacht ag an obair a fheabhsú, amhail trí dhaoine faoi mhíchumas nó daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, oiliúna ná fostaíochta (NEETanna) a chuimsiú, nó trí phrintíseachtaí ardcháilíochta agus printíseachtaí ar luach saothair nó ar íocaíocht a fhorbairt. D’ainneoin Threoir 2014/24/AE, beidh na critéir dhámhachtana sóisialta mar chuid d’aon mheasúnú ar sholáthar poiblí agus d’aon nós imeachta roghnúcháin i gcás ina gcuirtear tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón Ardán chun feidhme.*** |

Or. en

*Réasúnú*

cuirtear moladh thuairim EMPL i bhfeidhm

11.10.2023A9-0290/136

**Leasú 136**
**Cornelia Ernst, Younous Omarjee**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Soláthróidh an chuideachta a thacaíonn leis an ngníomhaíocht fianaise ar phlean dícharbónaithe fadtéarmach.*** |

Or. en

11.10.2023A9-0290/137

**Leasú 137**
**Cornelia Ernst, Younous Omarjee**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe -1 (nua)**Rialachán (AE) 2021/695
Airteagal 7 – mír 10

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:*** |
| 10. Mar chuid de chuspóir ginearálta an Aontais maidir le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú i ndáil le beartais earnála an Aontais agus le cistí an Aontais, ranníocfar, le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, ar a laghad 35 % den chaiteachas ar chuspóirí aeráide i gcás inarb iomchuí. Comhtháthófar príomhshruthú aeráide go leormhaith in ábhar T&N. | “10. Mar chuid de chuspóir ginearálta an Aontais maidir le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú i ndáil le beartais earnála an Aontais agus le cistí an Aontais, ranníocfar, le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, ar a laghad 35 % den chaiteachas ar chuspóirí aeráide i gcás inarb iomchuí. Comhtháthófar príomhshruthú aeráide go leormhaith in ábhar T&N. ***Chun an cuspóir sin a chur chun feidhme, beidh seasamh an Choimisiúin ar an bprionsabal ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 chun a áirithiú nach ndéanfaidh caiteachas dochar do chuspóirí comhshaoil eile agus go mbeidh infheistíochtaí i gcuspóirí comhshaoil eile i gcomhréir leis an gcuspóir aeráide. Beidh treoir mhionsonraithe ón gCoimisiún maidir le conas a dhéanfar comhlíonadh an phrionsabail a mheasúnú i gcomhthéacs an ghlao shonraigh ina n-úsáidtear an prionsabal ag gabháil le húsáid an phrionsabail.”*** |

Or. en